Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Eanáir 2020
(OR. en)

5203/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0279 (NLE)**

UD 4
CID 1
TRANS 15

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Riaracháin don Choinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR a mhéid a bhaineann leis an gCoinbhinsiún a leasú |

**CINNEADH (AE) 2020/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Riaracháin don Coinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR a mhéid a bhaineann leis an gCoinbhinsiún a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Coinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR an 14 Samhain 1975 ("Coinbhinsiún TIR") a thabhairt i gcrích le Rialachán (CEE) Uimh. 2112/78 ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm san Aontas an 20 Meitheamh 1983[2].

(2) De bhun Airteagal 59 de Choinbhinsiún TIR, féadfaidh an Coiste Riaracháin leasuithe ar an gcoinbhinsiún sin a ghlacadh trí thromlach dhá thrian de na Páirtithe Conarthacha a bheidh i láthair agus i mbun vótála.

(3) Le linn seisiún i mí Feabhra 2020, tá an Coiste Riaracháin le hIarscríbhinn 11 nua agus leasuithe gaolmhara ar Choinbhinsiún TIR a ghlacadh.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Riaracháin a bhunú, ós rud é go mbeidh feidhm ag na leasuithe ar Choinbhinsiún TIR san Aontas.

---

[1] Rialachán (CEE) Uimh. 2112/78 ón gComhairle an 25 Iúil 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi Carnets TIR (Coinbhinsiún TIR) an 14 Samhain 1975 sa Ghinéiv (IO L 252, 14.9.1978, lch. 1).

[2] IO L 31, 2.2.1983, lch. 13.

(5) Tugann an tAontas tacaíocht d'Iarscríbhinn 11 nua a ghabhann le Coinbhinsiún TIR agus leis na leasuithe is gá a dhéanamh ar théacs Choinbhinsiún TIR mar leanann siad an beartas a leagtar amach le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], ar dá réir gur go leictreonach, i bprionsabal, atá gach cumarsáid le húdaráis chustaim le déanamh.

(6) Le mír nua (s) d'Airteagal 1 de Choinbhinsiún TIR, táthar le sainmhíniú a dhéanamh ar "nós imeachta eTIR", nós imeachta is infheidhme maidir le malartú leictreonach sonraí idir údaráis chustaim.

(7) Le hAirteagal 58 *quater* nua de Choinbhinsiún TIR, táthar chun comhlacht um chur chun feidhme teicniúil a bhunú atá le sonraíocht theicniúil an chórais idirnáisiúnta eTIR a ghlacadh, gan dochar do chreat substainteach institiúideach Choinbhinsiún TIR atá ann cheana.

(8) Le hAirteagal 60 *bis* nua, táthar chun an nós imeachta speisialta maidir le teacht i bhfeidhm Iarscríbhinn 11 nua a ghabhann le Coinbhinsiún TIR agus aon leasuithe a dhéanfar air amach anseo a leagan síos.

(9) Leis na leasuithe ar Airteagail 43, 59 agus 61 de Choinbhinsiún TIR, táthar na hoiriúnuithe is gá chun Iarscríbhinn 11 nua a thabhairt isteach a dhéanamh.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(10) Le hIarscríbhinn 11 nua a ghabhann le Coinbhinsiún TIR, tátharchun a chur ar chumas na bPáirtithe Conarthacha atá faoin cheangal na hIarscríbhinne sin oibríochtaí eTIR a úsáid. Tá sí chun a chur ar chumas an Aontais agus a Bhallstát a roghnú an tráth a dhéanfar a gcórais a cheangal le córas idirnáisiúnta eTIR.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Choiste Riaracháin a bhunú ar na dréachtleasuithe a ghabhann leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Choiste Riaracháin sa dara seisiún is seachtó nó ag seisiún ina dhiaidh sin bunaithe ar na dréachtleasuithe a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Déanfaidh Ballstáit an Aontais, ar comhaltaí iad den Choiste Riaracháin, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Riaracháin mionathruithe teicniúla ar na dréacht-leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 a chinneadh.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

Leasuithe ar Choinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí
faoi Carnets TIR (Coinbhinsiún TIR 1975)

A. Leasuithe ar Choinbhinsiún TIR

1. Airteagal 1, mír (s) nua

(s) Ciallóidh an téarma "nós imeachta eTIR" an nós imeachta TIR, a chuirtear chun feidhme trí bhíthin malartú sonraí leictreonacha, lena soláthraítear comhionann feidhmiúil Carnet TIR. De bhrí go bhfuil feidhm ag forálacha Choinbhinsiún TIR, sainmhínítear sonraíochtaí an nós imeachta eTIR in Iarscríbhinn 11.

1bis. Airteagal 3(b)

(b) ní mór oibríochtaí iompair a bheith ráthaithe ag comhlachais atá údaraithe i gcomhréir le forálacha Airteagal 6. Ní mór iad a dhéanamh faoi Carnet TIR, a bheidh i gcomhréir leis an múnla a atáirgtear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo nó iad a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta eTIR.

2. Airteagal 43

Tugtar léiriú ar fhorálacha áirithe an Choinbhinsiúin seo agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis sna Nótaí Míniúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn 6, in Iarscríbhinn 7, Cuid III, agus in Iarscríbhinn 11, Cuid II. Tugtar tuairisc iontu chomh maith ar chleachtais áirithe a mholtar.

3. Airteagal nua 58 quarter

Bunófar Comhlacht um Chur Chun Feidhme Teicniúil. Leagtar amach comhdhéanamh, feidhmeanna agus rialacha nós imeachta an Chomhlachta sin in Iarscríbhinn 11.

4. Airteagal 59

1. Féadfar an Coinbhinsiún seo, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis, a leasú ar thogra ó Pháirtí Conarthach de réir an nós imeachta a shonraítear san Airteagal seo.

2. Seachas mar a fhoráiltear faoi Airteagal 60 bis, déanfaidh an Coiste Riaracháin, ar a mbeidh na Páirtithe Conarthacha uile, aon leasú a bhreithnítear i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 8 a mheas. Aon leasú den sórt sin a bhreithnítear nó a mholtar le linn cruinnithe den Choiste Riaracháin agus arna ghlacadh ag tromlach dhá thrian de na comhaltaí a bheidh i láthair agus i mbun vótála, cuirfidh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe é in iúl do na Páirtithe Conarthacha lena ghlacadh.

3. Seachas mar a fhoráiltear faoi Airteagail 60 agus 60 bis, aon leasú a mholtar agus a chuirtear in iúl i gcomhréir leis an mír thuas, tiocfaidh sé i bhfeidhm maidir leis na Páirtithe Conarthacha uile trí mhí tar éis dhul in éag thréimhse dhá mhí déag ón dáta a cuireadh an leasú in iúl, ar tréimhse í nár chuir aon Stát is Páirtí Conarthach é aon agóid ina choinne in iúl lena linn d'Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe.

4. Má chuirtear agóid in iúl i gcoinne an leasaithe a mholtar i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, measfar nár glacadh leis an leasú agus ní bheidh feidhm ar bith leis.

5. Airteagal nua 60 bis

Nós imeachta urghnách le haghaidh theacht i bhfeidhm Iarscríbhinn 11 agus
na nIarscríbhinní a ghabhann leis

1. Tiocfaidh Iarscríbhinn 11, arna bhreithniú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 59, i bhfeidhm maidir leis na Páirtithe Conarthacha uile trí mhí tar éis dhul in éag thréimhse dhá mhí déag ón dáta a chuir Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe an leasú in iúl do na Páirtithe Conarthacha, seachas i gcás na bPáirtithe Conarthacha sin a bhfuil fógra tugtha i scríbhinn acu don Ardrúnaí, laistigh den tréimhse trí mhí a luaitear thuas, nach bhfuil siad ag glacadh le hIarscríbhinn 11. I gcás Páirtithe Conarthacha a tharraingíonn siar an fógra maidir le gan í a ghlacadh, tiocfaidh Iarscríbhinn 11 i bhfeidhm dóibh siúd sé mhí ón dáta a fuair an taiscí fógra faoi tharraingt siar an fhógra sin.

2. Déanfaidh an Coiste Riaracháin aon leasú a mholtar ar Iarscríbhinn 11 a mheas. Is é tromlach na bPáirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 agus a bheidh i láthair agus i mbun vótála a ghlacfaidh aon leasuithe den sórt sin.

3. Cuirfidh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe na leasuithe ar Iarscríbhinn 11 a bhreithneofar agus a ghlacfar i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo in iúl do na Páirtithe Conarthacha mar eolas dóibh nó, i gcás na bPáirtithe Conarthacha sin atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11, le go nglacfar leo.

4. Is tromlach na bPáirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 agus a bheidh i láthair agus i mbun vótála a chinnfidh dáta teacht i bhfeidhm aon leasuithe den sórt sin an tráth a ghlacfar iad.

5. Tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo mura ndéanann an cúigiú cuid nó cúig cinn de na Stáit ar Páirtithe Conarthacha iad atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11, cibé líon acu is ísle, fógra a thabhairt don Ardrúnaí faoina n-agóid i gcoinne na leasuithe, faoi dháta roimhe sin a chinnfear tráth a nglactha.

6. Ar theacht i bhfeidhm dó, cuirfear aon leasú a glacadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 2 go dtí 5 den Airteagal seo in ionad, agus gabhfaidh sé ionad, aon fhorálacha a bhí ann roimhe sin dá dtagraíonn an leasú i gcás gach Páirtí Chonarthaigh atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11.

6. Airteagal 61

Cuirfidh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe gach Páirtí Conarthach agus gach Stát dá dtagraítear in Airteagal 52, mír 1 den Choinbhinsiún seo, ar an eolas faoi aon iarraidh, aon chumarsáid nó aon agóid faoi Airteagail 59, 60 agus 60 bis thuas, agus faoi dháta teacht i bhfeidhm aon leasaithe.

7. Iarscríbhinn 9, Cuid I, mír 3, fomhír nua (xi)

(xi) daingneofar, i gcás nós imeachta cúltaca a dtugtar tuairisc air in Airteagal 10, mír 2 d'Iarscríbhinn 11, do na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11, arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla, go bhfuil an ráthú bailí, go ndéantar iompar TIR de réir an nós imeachta eTIR agus go soláthrófar aon fhaisnéis ábhartha eile don iompar TIR.

B. Iarscríbhinn 11 – an nós imeachta eTIR

1. Cuid I

*Airteagal 1*
*An raon feidhme*

1. Le forálacha na hIarscríbhinne seo, rialaítear cur chun feidhme an nós imeachta eTIR mar a shainmhínítear in Airteagal 1, mír (s) den Choinbhinsiún agus beidh feidhm acu sa chaidreamh idir na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag an Iarscríbhinn seo, mar a fhoráiltear in Airteagal 60 bis, mír 1.

2. Ní féidir an nós imeachta eTIR a úsáid i gcás iompair a bhíonn ar siúl i bpáirt i gcríoch Páirtí Chonarthaigh nach bhfuil faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 agus ar comhalta d'aontas custaim nó eacnamaíoch é a bhfuil críoch chustaim aonair aige.

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) Ciallóidh an téarma "córas idirnáisiúnta eTIR" an córas teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide arna cheapadh chun malartú faisnéise leictreonaí idir na gníomhaithe a bhfuil baint acu leis an nós imeachta eTIR a chumasú.

(b) Ciallóidh an téarma "sonraíochtaí eTIR" sonraíochtaí coincheapúla, feidhmiúla teicniúla an nós imeachta eTIR arna nglacadh agus arna leasú i gcomhréir le forálacha Airteagal 5 den Iarscríbhinn seo.

(c) Ciallóidh an téarma "réamhshonraí TIR" na sonraí arna gcur faoi bhráid na n-údarás inniúil sa tír imeachta, i gcomhréir leis na sonraíochtaí eTIR, i dtaobh rún an tsealbhóra earraí a chur faoi réir an nós imeachta eTIR.

(d) Ciallóidh an téarma "réamhshonraí don leasú" na sonraí arna gcur faoi bhráid údarás inniúla na tíre ina n-iarrtar an leasú ar na sonraí dearbhaithe, i gcomhréir leis na sonraíochtaí eTIR, i dtaobh rún an tsealbhóra na sonraí dearbhaithe a leasú.

(e) Ciallóidh an téarma "sonraí dearbhaithe" na réamhshonraí TIR agus na réamhshonraí don leasú atá glactha ag na húdaráis inniúla.

(f) Ciallóidh an téarma "dearbhú" an gníomh lena léiríonn an sealbhóir, nó ionadaí an tsealbhóra, i gcomhréir leis na sonraíochtaí eTIR, rún an tsealbhóra earraí a chur faoi réir an nós imeachta eTIR. Ón uair a ghlacann na húdaráis inniúla leis an dearbhú, bunaithe ar réamhshonraí eTIR nó ar na réamhshonraí don leasú, agus ar aistriú na sonraí dearbhaithe chuig an gcóras idirnáisiúnta eTIR, is coibhéis dlí den Carnet TIR lena nglactar a bheidh sa dearbhú.

(g) Ciallóidh an téarma "doiciméad tionlacain" an doiciméad i gcló arna ghiniúint go leictreonach ag an gcóras custaim, tar éis glacadh an dearbhaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte atá i sonraíochtaí teicniúla eTIR. Is féidir an doiciméad tionlacain a úsáid chun eachtraí ar an tslí a thaifeadadh agus cuirtear in ionad na tuarascála deimhnithe é de bhun Airteagal 25 den Choinbhinsiún seo agus don nós imeachta cúltaca.

(h) Ciallóidh an téarma "fíordheimhniú" an próiseas leictreonach lenar féidir duine nádúrtha nó duine dlítheanach a shainaithint, nó foinse agus sláine ríomhshonraí a dheimhniú.

Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 2(h)

11.2 (h)-1 Go dtí go suífear cur chuige comhchuibhithe agus go dtabharfar tuairisc air sna sonraíochtaí eTIR, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 an sealbhóir a fhíordheimhniú le haon phróiseas dá bhforáiltear ina ndlí náisiúnta, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, ainm úsáideora/pasfhocal nó sínithe leictreonacha.

11.2. (h)-2 Is trí naisc shlána, mar a shainmhínítear sna sonraíochtaí teicniúla eTIR iad, a áiritheofar sláine na sonraí a mhalartaítear idir an córas idirnáisiúnta eTIR agus na húdaráis inniúla agus sláine fíordheimhniú na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.

*Airteagal 3*

*An nós imeachta eTIR a chur chun feidhme*

1. Ceanglóidh na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 a gcórais chustaim leis an gcóras idirnáisiúnta eTIR i gcomhréir leis na sonraíochtaí eTIR.

2. Tá saoirse ag gach Páirtí Conarthach an dáta a shocrú faoina gceanglófar a chórais chustaim leis an gcóras idirnáisiúnta eTIR. Cuirfear dáta an cheangail in iúl do na Páirtithe Conarthacha eile go léir atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11, sé mhí ar a laghad roimh dháta teacht i bhfeidhm an cheangail.

Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 3, mír 2

11.3.2 Moltar do na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 go nuashonrófaí a gcóras custaim náisiúnta agus go n-áiritheofaí a gceangal leis an gcóras idirnáisiúnta eTIR a luaithe agus a thiocfaidh Iarscríbhinn 11 i bhfeidhm ina leith. Féadfaidh aontais chustaim nó eacnamaíocha dáta níos déanaí a chinneadh, rud a thabharfaidh am dóibh córais chustaim náisiúnta a gcuid Ballstát uile a cheangal leis an gcóras idirnáisiúnta eTIR.

*Airteagal 4*

*Comhdhéanamh, feidhmeanna agus rialacha nós imeachta an Chomhlachta um Chur Chun Feidhme Teicniúil*

1. Is comhaltaí den Chomhlacht um Chur Chun Feidhme Teicniúil a bheidh sna Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11. Déanfar a chuid seisiún a chomóradh go tráthrialta nó arna iarraidh sin don Choiste Riaracháin, de réir mar a cheanglaítear chun na sonraíochtaí eTIR a chothabháil. Cuirfear an Coiste Riaracháin ar an eolas go rialta faoi ghníomhaíochtaí agus breithnithe an Chomhlachta um Chur Chun Feidhme Teicniúil.

2. Páirtithe Conarthacha nár ghlac le hIarscríbhinn 11 mar a fhoráiltear in Airteagal 60 bis, mír 1 agus ionadaithe d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, féadfaidh siad freastal ar sheisiúin an Chomhlachta um Chur Chun Feidhme Teicniúil mar bhreathnóirí.

3. Déanfaidh an Comhlacht um Chur Chun Feidhme Teicniúil faireachán ar na gnéithe teicniúla agus feidhmiúla a bhaineann leis an nós imeachta eTIR a chur chun feidhme, mar aon le malartú faisnéise faoi ábhair a thagann laistigh dá inniúlacht a chomhordú agus a chothú.

4. Ag an gcéad seisiún dá chuid, déanfaidh an Comhlacht um Chur Chun Feidhme Teicniúil a rialacha nós imeachta a ghlacadh agus iad a chur faoi bhráid an Choiste Riaracháin lena bhformhuiniú ag na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11.

*Airteagal 5*

*Nósanna imeachta glactha agus leasaithe do na sonraíochtaí eTIR*

Déanfaidh an Comhlacht um Chur Chun Feidhme Teicniúil an méid seo a leanas:

(a) sonraíochtaí teicniúla an nós imeachta eTIR agus na leasuithe a ghabhann leo a ghlacadh, lena áirithiú go mbeidh siad ailínithe le sonraíochtaí feidhmiúla an nós imeachta eTIR. Tráth an ghlactha, cinnfidh sé an idirthréimhse iomchuí lena gcur chun feidhme.

(b) sonraíochtaí feidhmiúla an nós imeachta eTIR agus na leasuithe a ghabhann leo a ullmhú, lena áirithiú go mbeidh siad ailínithe le sonraíochtaí coincheapúla an nós imeachta eTIR. Tarchuirfear iad chuig an gCoiste Riaracháin lena nglacadh ag tromlach na bPáirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11, agus a bheidh i láthair agus i mbun vótála, agus déanfar iad a chur chun feidhme agus, nuair is gá, a fhorbairt ina sonraíochtaí teicniúla ar dháta a chinnfear tráth a nglactha.

(c) leasuithe ar shonraíochtaí coincheapúla an nós imeachta eTIR a bhreithniú má iarann an Coiste Riaracháin amhlaidh. Is tromlach na bPáirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11, agus a bheidh i láthair agus i mbun vótála, a ghlacfaidh sonraíochtaí coincheapúla an nós imeachta eTIR agus na leasuithe a ghabhann leo agus agus a dhéanfaidh iad a chur chun feidhme agus, nuair is gá, a fhorbairt ina sonraíochtaí feidhmiúla ar dháta a chinnfear tráth a nglactha.

*Airteagal 6*

*Réamhshonraí TIR agus réamhshonraí don leasú a thíolacadh*

1. Déanfaidh an sealbhóir, nó ionadaí an tsealbhóra, réamhshonraí TIR agus réamhshonraí don leasú a chur faoi bhráid údaráis inniúla na tíre imeachta agus na tíre ina n-iarrfar leasú ar na sonraí dearbhaithe. A luaithe a ghlacfar leis an dearbhú nó leis an leasú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, cuirfidh na húdaráis inniúla na sonraí dearbhaithe, nó an leasú a ghabhann leo, ar aghaidh chuig an gcóras idirnáisiúnta eTIR.

2. Féadfar réamhshonraí TIR agus na réamhshonraí don leasú a luaitear i mír 1 a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil go díreach nó trí mheán an chórais idirnáisiúnta eTIR.

3. Glacfaidh na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 le tíolacadh réamhshonraí TIR agus réamhshonraí don leasú trí mheán an chórais idirnáisiúnta eTIR.

Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 6, mír 3

11.6.3 Moltar do na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 tíolacadh réamhshonraí TIR agus réamhshonraí don leasú, a dhéantar trí mhodhanna a léirítear sna sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla, a aithint a mhéid is féidir.

4. Foilseoidh na húdaráis inniúla liosta na meán leictreonach go léir trínar féidir réamhshonraí TIR agus réamhshonraí don leasú a thíolacadh.

*Airteagal 7*

*An sealbhóir a fhíordheimhniú*

1. Agus iad ag glacadh leis an dearbhú sa tír imeachta nó le leasú ar na sonraí dearbhaithe in aon tír feadh an chúrsa taistil, déanfaidh na húdaráis inniúla na réamhshonraí TIR, nó na réamhshonraí don leasú, agus an sealbhóir, a fhíordheimhniú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

2. Glacfaidh na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 le fíordheimhniú an tsealbhóra a dhéanfar trí mheán an chórais idirnáisiúnta eTIR.

Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 7, mír 2

11.7.2 Áirithítear leis an gcóras idirnáisiúnta eTIR, trí mheáin a thuairiscítear i sonraíochtaí eTIR, sláine réamhshonraí eTIR, sláine réamhshonraí TIR nó na réamhshonraí don leasú, agus gurbh é an sealbhóir a sheol na sonraí.

3. Foilseoidh na húdaráis inniúla liosta de shásraí fíordheimhnithe seachas an sásra a shonraítear i mír 2 den Airteagal seo, a fhéadfar a úsáid chun críocha fíordheimhnithe.

4. Glacfaidh na Páirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11 leis na sonraí dearbhaithe a gheofar ó údaráis inniúla na tíre imeachta agus na tíre ina n-iarrtar leasú ar na sonraí dearbhaithe trí mheán an chórais idirnáisiúnta eTIR mar choibhéis dlí le Carnet TIR lena nglactar.

Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 7, mír 4

11.7.4 Áirithítear le córas idirnáisiúnta eTIR, trí mheáin a thuairiscítear i sonraíochtaí eTIR, sláine na sonraí dearbhaithe agus gurbh údaráis inniúla na dtíortha a bhí rannpháirteach san iompar a sheol na sonraí.

*Airteagal 8*

*Fíordheimhniú an tsealbhóra a aithint go frithpháirteach*

Fíordheimhniú an tsealbhóra a dhéanfaidh údaráis inniúla na bPáirtithe Conarthacha atá faoi cheangal ag Iarscríbhinn 11, a ghlacann leis an dearbhú nó le hathruithe ar na sonraí dearbhaithe, aithneoidh údaráis inniúla na bPáirtithe Conarthacha go léir a thiocfaidh ina dhiaidh sin é, ar páirtithe iad a bheidh faoi cheangal Iarscríbhinn 11, ar fud an iompair TIR.

Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 8

11.8 Áirithítear leis an gcóras idirnáisiúnta eTIR, trí mheáin a thuairiscítear i sonraíochtaí eTIR, sláine na sonraí dearbhaithe, lena n-áirítear an tagairt don sealbhóir, a fhíordheimhníonn na húdaráis inniúla a ghlacann leis an dearbhú a fuarthas ó údaráis inniúla agus a tarchuireadh chucu.

*Airteagal 9*

*Ceanglais bhreise maidir le sonraí*

1. De bhreis ar na sonraí a shonraítear sna sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla, féadfaidh údaráis inniúla sonraí breise arna sonrú sa reachtaíocht náisiúnta a iarraidh.

2. Ba cheart d'údaráis inniúla, a mhéid is féidir, ceanglais i ndáil le sonraí a theorannú chuig na ceanglais atá sna sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla agus a ndícheall a dhéanamh tíolacadh sonraí breise a éascú ionas nach gcuirfear bac ar iompar TIR a dhéanfar i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.

*Airteagal 10*

*Nós imeachta cúltaca*

1. I gcás nach féidir tús a chur leis an nós imeachta eTIR ar chúiseanna teicniúla ag an oifig custaim imeachta, féadfaidh sealbhóir Carnet TIR filleadh ar an nós imeachta TIR.

2. I gcás ina mbeidh tús curtha le nós imeachta eTIR ach go gcuirfear bac air leanúint ar aghaidh ar chúiseanna teicniúla, glacfaidh na húdaráis inniúla leis an doiciméad tionlacain agus próiseálfaidh siad é i gcomhréir leis an nós imeachta a thuairiscítear sna sonraíochtaí eTIR, faoi réir infhaighteacht faisnéise breise ó chórais leictreonacha mhalartacha mar a thuairiscítear sna sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla.

3. Tá údaráis inniúla na bPáirtithe Conarthacha i dteideal iarraidh ar chomhlachais náisiúnta ráthaíochta freisin a dhaingniú go bhfuil an ráthaíocht bailí, go ndéantar iompar TIR faoin nós imeachta eTIR agus faisnéis eile is ábhartha d'iompar TIR a sholáthar.

4. Bunófar an nós imeachta a thuairiscítear i mír 3 i gcomhaontú idir na húdaráis inniúla agus an comhlachas náisiúnta ráthaíochta, mar a shonraítear in Iarscríbhinn 9, Cuid I, mír 1 (d).

*Airteagal 11*
*An córas idirnáisiúnta eTIR a óstáil*

1. Déanfar an córas idirnáisiúnta eTIR a óstáil agus a riaradh faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (ECE).

2. Tabharfaidh ECE cúnamh do thíortha agus a gcórais chustaim á nascadh leis an gcóras idirnáisiúnta eTIR, lena n-áirítear trí mheán tástálacha comhréireachta d'fhonn a áirithiú go mbeidh siad ag feidhmiú go cuí roimh an nascadh oibríochtúil.

3. Cuirfear na hacmhainní riachtanacha ar fáil do ECE chun na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh. Mura maoineofar an córas idirnáisiúnta eTIR le hacmhainní ó ghnáthbhuiséad na Náisiún Aontaithe, beidh na hacmhainní riachtanacha faoi réir na rialacha agus na rialachán airgeadais do chistí agus tionscnaimh sheachbhuiséadacha na Náisiún Aontaithe. Is é an Coiste Riaracháin a dhéanfaidh an sásra maoinithe le haghaidh oibriú an chórais idirnáisiúnta eTIR ag ECE a chinneadh agus a fhormheas.

Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 11, mír 3

11.11.3 Más gá, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha a chinneadh costais oibríochtúla an chórais idirnáisiúnta eTIR a mhaoiniú trí mhéid áirithe in aghaidh an iompair TIR. Sna cásanna sin, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha cinneadh faoin am iomchuí chun sásraí malartacha maoinithe a thabhairt isteach agus faoina módúlachtaí. Ullmhóidh ECE an buiséad is gá, déanfaidh an Comhlacht um Chur Chun Feidhme Teicniúil athbhreithniú air agus formheasfaidh an Coiste Riaracháin é.

*Airteagal 12*
*An córas idirnáisiúnta eTIR a riaradh*

1. Déanfaidh ECE na socruithe iomchuí chun na sonraí a stóráil agus a chartlannú sa chóras idirnáisiúnta eTIR go ceann tréimhse 10 mbliana ar a laghad.

2. Féadfaidh ECE na sonraí uile a stóráiltear sa chóras idirnáisiúnta eTIR a úsáid thar ceann chomhlachtaí inniúla an Choinbhinsiúin seo chun críocha staidreamh comhiomlánaithe a bhaint astu.

3. Maidir le húdaráis inniúla Páirtithe Conarthacha a mbíonn iompar TIR ar siúl ar a gcríoch, faoin nós imeachta eTIR, agus a thagann chun bheith ina n-ábhar d'imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha a bhaineann le hoibleagáid íocaíochta an duine nó na ndaoine atá faoi dhliteanas go díreach nó an chomhlachais náisiúnta ráthaíochta, féadfaidh siad a iarraidh ar ECE agus faisnéis atá á stóráil sa chóras idirnáisiúnta eTIR a fháil, ar faisnéis í a bhaineann leis an éileamh atá faoi dhíospóid chun críocha fíoraithe. Féadfar an fhaisnéis sin a úsáid mar fhianaise in imeachtaí náisiúnta riaracháin nó breithiúnacha.

4. I gcásanna seachas na cásanna a shonraítear san Airteagal seo, toirmeascfar scaipeadh nó nochtadh faisnéise arna stóráil sa chóras idirnáisiúnta eTIR ar dhaoine nó eintitis neamhúdaraithe.

*Airteagal 13*
*Foilsiú na n-oifigí custaim atá in ann eTIR a láimhseáil*

Áiritheoidh na húdaráis inniúla go mbeidh liosta na n-oifigí custaim imeachta, na n-oifigí custaim ar an tslí agus na n-oifigí custaim cinn scríbe arna bhformheas chun oibríochtaí TIR a chomhlíonadh faoin nós imeachta eTIR, i gcónaí cruinn agus cothrom le dáta sa bhunachar sonraí leictreonach d'oifigí custaim formheasta, arna fhorbairt agus arna chothabháil ag Bord Feidhmiúcháin TIR.

*Airteagal 14*
*Ceanglais dhlíthiúla do thíolacadh sonraí*
*faoi Iarscríbhinn 10 de Choinbhinsiún TIR*

Meastar na ceanglais dhlíthiúla do thíolacadh sonraí, mar a leagtar amach iad in Iarscríbhinn 10, míreanna 1, 3 agus 4 den Choinbhinsiún seo, a bheith comhlíonta tríd an nós imeachta eTIR a chur chun feidhme.